
AN BANC CEANNAIS EORPACH

AN tEUROCHÓRAS





# AN BANC CEANNAIS EORPACH

# AN tEUROCHÓRAS

# AN CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS







# ÁBHAR




| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá ó Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh | | 3 |
| **1.** | **An ród chuig Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta** | |
| 1.1 | Lánpháirtiú na hEorpa | 4 |
| 1.2 | Lánpháirtiú eacnamaíoch | 5 |
| 1.3 | Critéir um chóineasú | 6 |
| 1.4 | Buntréithe limistéar an euro | 7 |
| 1.5 | Buntáistí an euro | 8 |
| Clocha míle | | 10 |
| **2.** | **Struchtúr agus cúraimí** | |
| 2.1 | An Córas Eorpach Banc Ceannais agus an tEurochóras | 12 |
| 2.2 | An Banc Ceannais Eorpach | 12 |
| 2.3 | Cúraimí an Eurochórais | 13 |
| 2.4 | Neamhspleáchas | 14 |
| 2.5 | Bainc cheannais náisiúnta | 16 |
| 2.6 | Comhlachtaí cinnteoireachta an BCE | 16 |
| 2.7 | Coistí CEBC | 19 |
| **3.** | **Beartas airgeadaíochta** | |
| 3.1 | Cobhsaíocht Praghsanna | 20 |
| 3.2 | Straitéis Bheartas airgeadaíochta an BCE | 20 |
| 3.3 | Ionstraimí maidir le Beartas airgeadaíochta | 21 |
| 3.4 | Cumarsáid | 23 |
| 3.5 | Staidrimh airgeadaíochta agus airgeadais | 24 |
| **4.** | **Córas TARGET2** | **26** |
| **5.** | **Nótaí bainc agus boinn Euro** | |
| 5.1 | Nótaí bainc | 28 |
| 5.2 | Boinn | 29 |
| **6.** | **Maoirseacht baincéireachta** | **30** |
| Gluais | | 32 |

# RÉAMHRÁ



Ag caint ar "bhanc ceannais", is dócha gurb í an tuairim is túisce a thagann chun cuimhne ná gur institiúid é a eisíonn airgead. Agus is é an t-airgead an ionstraim a úsáidimid mar aonad cuntais, mar mhodh íocaíochta agus mar stór luacha. Dar ndóigh, is é an t-eochairchuspóir atá ag aon bhanc ceannais ná a chinntiú go gcoinnítear luach an airgid thar thréimhse ama. Ach tá go leor gnéithe eile a bhaineann leis an mbaincéireacht ceannais nua-aoiseach nach bhfuil an oiread sin eolais fúthu. Tá an chumarsáid ar cheann acu. Ní hamháin gur chóir do bhanc ceannais beart de réir a bhriathair a dhéanamh, ach ba chóir dó freisin míniú a thabhairt ar cad atá ar siúl aige, agus sa tslí sin cur le feasacht agus le heolas an phobail ar na beartais agus ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil.

Tá an bróisiúr seo mar chuid den chumarsáid a dhéanaimid maidir le gníomhaíochtaí an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) ag croílár an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC), mar aon leis na bainc cheannais atá ag na 27 Ballstát atá san Aontas Eorpach. Ós rud é nach bhfuil glactha ag gach Ballstát leis an Euro mar aonad airgeadais, baintear úsáid as an téarma An tEurochóras chun cur síos ar an aonán atá comhdhéanta den BCE agus bainc cheannais na mballstát a bhfuil glactha acu leis an Euro, 17 faoi láthair. Láimhsíonn an tEurochóras formhór na dtascanna a leag An Conradh ar an Aontas Eorpach ar an CEBC.

Is féidir freisin an bróisiúr seo a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an BCE (www.ecb.europa.eu). Déanfar nuashonrú ar an leagan leictreonach níos minice ná an leagan clóite.

Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an mbróisiúr a léamh, pé acu i bhfoirm chlóite nó ar líne.

Frankfurt am Main, Eanáir 2011

Jean-Claude Trichet
Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh

# AN RÓD CHUIG AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA



## LÁNPHÁIRTIÚ NA HEORPA

Tá an smaoineamh chun aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhunú san Eoraip ag dul siar níos mó ná leathchéad bliain. Bhí sé mar fhís ag na ceannairí polaitiúla, a bhunaigh **An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Chruach (CEGC)** i 1952, a raibh sé thír páirteach ann – an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír.

**Leathnú de réir a chéile ar an Aontas Eorpach**

Glacadh le céimeanna breise chun lánpháirtiú na hEorpa a chur chun cinn i rith na 1950idí agus ina dhiaidh sin. Bhunaigh na trí thír chéanna **Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE)** agus an Comhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach (CEFA) i 1958. D'éirigh an gréasán caidrimh seo níos láidre agus níos doimhne thar na blianta nó gur tugadh na Comhphobail Eorpacha (CE) air agus nuair a glacadh le Conradh Maastricht i 1993 tugadh an tAontas Eorpach (AE) air. Tháinig méadú ar uimhir na mballstát freisin. Ghlac an Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe ballraíocht i 1973, agus ocht mbliana níos déanaí lean an Ghréig iad. Ghlac an Phortaingéil agus an Spáinn ballraíocht i 1986 agus i 1995 chuaigh an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn isteach. Lean an méadú ar aghaidh ar 1 Bealtaine 2004 nuair a aontaigh Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic don Aontas Eorpach. Ghlac an Bhulgáir agus an Rómáin ballraíocht ar 1 Eanáir 2007 agus is iad siúd ar na baill is déanaí.

**Critéir maidir le haontachas leis an AE**

Is iad na coinníollacha atá le comhlíonadh roimh dul isteach san AE ná **critéir Chóbanhávan**. Éilíonn siad seo ar bhaill ionchasacha (i) go mbeadh institiúidí seasmhacha acu a chinnteodh an daonlathas, forlámhas an dlí, cearta daonna agus meas ar chosaint mhionlach, agus (ii) geilleagar margaidh atá ag feidhmiú a bheith acu agus a bheith in ann déileáil le brú iomaíoch, sa chaoi go mbeidís in ann glacadh leis na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht, ar a n-áirítear na cuspóirí maidir le haontas polaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta.



féach Gluais



## 1.2 LÁNPHÁIRTIÚ EACNAMAÍOCH

Rinneadh cur síos ar an gcéad iarracht chun aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a chruthú i dTuarascáil Werner[1] i 1970, a shamhlaigh trí chéim a bhí chun a bheith tugtha chun críche faoi 1980. Ach níor tugadh chun críche riamh na chéad phleananna seo chun aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhaint amach de bharr na míshocrachta airgeadra idirnáisiúnta tar éis gur thit an córas Bretton Woods as a chéile i dtús na seachtóidí , agus an cúlú idirnáisiúnta a lean an chéad ghéarchéim ola i 1973.

Chun an éagobhsaíocht seo a chomhrac chruthaigh na naoi mBallstát den CEE a bhí ann ag an am an **Córas Airgeadaíochta Eorpach (CAE)** i 1979. Is í an phríomh thréith a bhain leis ná **meicníocht an ráta malairte (MRM)** a thug isteach rátaí malairte a bhí socraithe ach inchoigeartaithe i measc airgeadraí na naoi dtír.

Conradh Maastricht a síníodh i 1992

Sa dara leath de na 1980idí tharla athbheochan ar an smaoineamh maidir le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta san Ionstraim Eorpach Aonair i 1986 a chruthaigh margadh aonair. Ach tugadh faoi deara nach bhféadfaí teacht i dtír ar na buntáistí ar fad a bhain leis an margadh aonair ach amháin trí airgeadra aonair a thabhairt isteach do na tíortha a bhí páirteach ann. I 1988 thug **Comhairle na hEorpa** treoir do **Choiste Delors** bealaí a scrúdú chun **Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)** a bhaint amach. Ag éirí as Tuarascáil Delors tharla idirbheartaíocht maidir leis an **gConradh** ar an Aontas Eorpach, a bhunaigh an tAontas Eorpach (AE) agus a leasaigh an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Síníodh é i Maastricht i mí Feabhra 1992 (mar sin tugtar Conradh Maastricht air uaireanta) agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Samhain 1993.

Trí chéim i dtreo AEA:
I. Margadh Eorpach Aonair
II. Institiúid Eorpach Airgeadaíochta
III. BCE agus an euro

Tharla dul chun cinn i dtreo AEA i dtrí chéim. An rud is mó a baineadh amach i gCéim a hAon (1990-1993) ná margadh aonair Eorpach ina iomláine trí deireadh a chur leis na bacanna inmheánacha go léir a bhí ar shaorghluaiseacht daoine, earraí, caipitil agus seirbhísí taobh istigh den Eoraip.

Thosaigh Céim a Dó (1994-1998) nuair a cruthaíodh an **Institiúid Eorpach Airgeadaíochta** agus bhí sé tiomnaithe do na hullmhúcháin theicniúla don airgeadra aonair, easnaimh iomarcacha a sheachaint, agus cóineasú níos mó ar bheartais eacnamaíocha agus airgeadaíochta na mBallstát (chun cobhsaíocht praghsanna agus airgeadas poiblí fónta a chinntiú)

[1] As Pierre Werner a hainmníodh é, a bhí ina Phríomh-Aire ar Lucsamburg ag an am.

# AN RÓD CHUIG AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA






Thosaigh Céim a Trí ar 1 Eanáir 1999 le socrú rátaí malairte go neamh-inchúlghairthe, le haistriú na hinniúlachta maidir le beartas airgeadaíochta chuig an BCE agus le tabhairt isteach an euro mar airgeadra aonair. Ar 1 Eanáir 2002 rinneadh airgead dlíthairgthe de nótaí bainc agus de bhoinn euro sna tíortha a bhí rannpháirteach agus faoi dheireadh Feabhra 2002 ní raibh nótaí bainc ná boinn náisiúnta dlíthairgthe níos mó.

## CRITÉIR UM CHÓINEASÚ

**Beartais eacnamaíocha dírithe ar chobhsaíocht agus bainc cheannais neamhspleácha**

1.3 Caithfidh tíortha atá ag iarraidh glacadh leis an euro mar airgeadra, "mórchóineasú inbhuanaithe" a ghnóthú. Déantar measúnú ar an méid den chóineasú atá bainte amach ar bhonn roinnt critéar i gConradh Maastricht a éilíonn go mbeadh siad seo leanas ag tír:

- ardleibhéal **cobhsaíochta praghsanna** ▤
- airgeadas poiblí fónta
- ráta malairte cobhsaí
- rátaí úis fadtéarmacha a bheith íseal agus cobhsaí.

Ceapadh na critéir chun a chinntiú nach ligfí isteach chuig Céim a Trí den AEA ach tíortha a bhfuil beartais eacnamaíocha atá dírithe ar chobhsaíocht acu agus a bhfuil cobhsaíocht praghsanna de theist orthu. Éilíonn an Conradh freisin go mbeadh an banc ceannais i ngach tír faoi leith neamhspleách (féach Alt 108 den Chonradh).

**Tá glactha ag 17 mBallstát leis an euro**

I mí na Bealtaine 1998 dheimhnigh cruinniú mullaigh den AE sa Bhruiséal go raibh na critéir comhlíonta ag 11 as na 16 Ballstáit den AE a bhí ann ag an am – an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, agus an Fhionlainn. Ar 1 Eanáir 1999 ghlac na tíortha seo leis an euro mar airgeadra comónta. Chuaigh an Ghréig isteach leis na tíortha seo ar 1 Eanáir 2001 tar éis na critéir a chomhlíonadh. Tá na critéir um chóineasú comhlíonta ag Ballstáit eile agus tá ballraíocht glactha acu i limistéar an euro freisin – an tSlóivéin ar 1 Eanáir 2007, an Chipir agus Málta ar 1 Eanáir 2008, an tSlóvaic ar 1 Eanáir 2009 agus an Eastóin ar 1 Eanáir 2011. Níor chomhlíon ceann de na Ballstáit, an tSualainn, na coinníollacha ar fad. Ina theannta sin, "Ballstáit le stádas faoi leith" iad an Danmhairg agus an Ríocht Aontaithe. I bprótacail atá mar iarscríbhinn leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, tugadh an ceart don dá thír a roghnú pé acu an nglacfaidís nó nach nglacfaidís páirt i gCéim a

▤ féach Gluais



Trí den AEA, i.e. glacadh leis an euro. Bhain siad araon úsáid as an "gclásal a thug rogha an diúltaithe" dóibh trína chur in iúl do **Chomhairle an AE** nach bhfuil sé ar intinn acu faoi láthair bogadh ar aghaidh chuig Céim a Trí, i.e. ní mian leo fós a bheith mar chuid de limistéar an euro.

Áirítear 7 den 12 Bhallstát a bhfuil ballraíocht glactha acu ó 2004 agus an tSualainn mar bhaill a bhfuil "maolú" acu ó tharla nach bhfuil na riachtanais ar fad a bhaineann le glacadh leis an euro comhlíonta acu. Ciallaíonn **maolú** a bheith ag Ballstát go bhfuil sé saor ó chuid de na forálacha a bhíonn i bhfeidhm de ghnáth ó thús Céim a Trí den AEA ach gan a bheith saor uathu ar fad. Áirítear na forálacha ar fad a aistríonn an fhreagracht maidir le beartas airgeadaíochta chuig **Comhairle Rialaithe** an BCE.

Cosúil leis an tSualainn níl clásail a thug "rogha an diúltaithe" ag na Ballstáit eile nach bhfuil glactha fós acu leis an euro, ar aon dul leo siúd atá idirbheartaithe ag an Ríocht Aontaithe agus an Danmhairg.

**Ghlac dhá Bhallstát "rogha an diúltaithe"**

Tugann sé seo le tuiscint, trí bhallraíocht a ghlacadh san AE, go bhfuil na Ballstáit nua tiomanta glacadh leis an euro i ndeireadh na dála nuair a bhíonn **na critéir um chóineasú** comhlíonta acu. Ullmhaíonn an BCE agus **Coimisiún na hEorpa** tuarascálacha gach re bliain – nó má iarrann Ballstát le maolú iad – ar an dul chun cinn atá déanta maidir le comhlíonadh na gcritéar um chóineasú. Cuireann na tuarascálacha um chóineasú seo san áireamh tosca eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar lánpháirtiú na tíre in eacnamaíocht limistéir an euro. Soláthraíonn na tuarascálacha an bunús do chinneadh Chomhairle an AE maidir le cead a thabhairt do thír nua a bheith mar bhall de limistéar an euro.

**Tá Ballstáit nua an AE tiomanta chun glacadh leis an euro i ndeireadh na dála**

## 1.4 BUNTRÉITHE LIMISTÉIR AN EURO

Bhí geilleagair réasúnta oscailte ag na tíortha a chuimsíonn limistéar an euro anois sula ndeachaigh siad isteach i limistéar an euro. Mar sin féin, tá siad mar pháirt anois de gheilleagar atá i bhfad níos mó agus níos féinchuimsithe. De bharr méid limistéar an euro is féidir é a chur i gcomparáid le geilleagair mhóra mar na Stáit Aontaithe nó an tSeapáin.

# AN RÓD CHUIG AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA






**Ceann de na ceantair eacnamaíocha is mó ar domhan**

Tá limistéar an euro ar cheann de na ceantair eacnamaíocha is mó ar domhan agus daonra de 329 milliún i 2009. San Aontas Eorpach ina iomláine tá 27 Ballstát agus daonra de 501 milliún i 2009. Mar chomparáid, tá 307 agus 128 milliún áitritheoir ag na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin faoi seach.

Maidir le **holltáirgeacht intíre (OTI)** a léirítear ar bhonn **paireachta cumhachta ceannaigh**, ba iad na Stáit Aontaithe an geilleagar ba mhó i 2009, le 20.5% de OTI an domhain, agus ina ndiaidh aniar bhí limistéar an euro le 15.2%. Bhí 6.0% mar scair ag an tSeapáin. Is lú go mór an scair atá ag tíortha aonaracha i limistéar an euro: bhí 3.9% de OTI an domhain ag an gceann is mó acu i 2009.

**Spleáchas teoranta ar thrádáil eachtrach**

Cé go gcuireann forbairtí sa gheilleagar domhanda as go suntasach do limistéar an euro, de bharr nach bhfuil a gheilleagar chomh hoscailte níl ach tionchar teoranta ag gluaiseachtaí i bpraghsanna earraí eachtracha ar phraghsanna ag baile. Mar sin féin, tá sé níos oscailte ná na Stáit Aontaithe nó an tSeapáin. Bhí easpórtálacha d'earraí agus de sheirbhísí ó limistéar an euro mar scair de OTI go mór níos airde i 2009 (19.6%) ná na figiúirí comhfhreagracha do na Stáit Aontaithe (10.9%) agus don tSeapáin (13.3%).

## 1.5 BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN EURO

**Fíor mhargadh aonair i gcomhair earraí agus seirbhísí**

Le bunú **Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA)**, tá céim thábhachtach glactha ag an AE i dtreo chomhlánú an mhargaidh inmheánaigh. Anois is féidir le tomhaltóirí agus le cuideachtaí praghsanna a chur i gcomparáid lena chéile go héasca agus teacht ar na soláthraithe is mó iomaíochta i limistéar an euro. Ina theannta sin, tá an AEA ag cur timpeallacht de chobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadaíochta ar fáil ar fud na hEorpa go léir atá fabhrach do fhás inbhuanaithe agus do chruthú post agus tá deireadh curtha ag an airgeadra aonair leis an gcur isteach a tharla de bharr gluaiseachtaí géara i rátaí malairte na n-iar airgeadraí náisiúnta.

De bharr gur tugadh isteach nótaí bainc agus boinn euro ar an 1 Eanáir 2002 tá cúrsaí taistil níos simplí i limistéar an euro. Is féidir comparáid a dhéanamh idir phraghsanna earraí agus seirbhísí ar an bpointe agus is féidir íocaíochtaí a dhéanamh leis an airgead céanna sna tíortha ar fad.

féach Gluais



Le teacht an euro ar an saol, cuireadh deireadh leis na rioscaí agus leis na costais bheartaíochta a bhaineann le malairt eachtrach taobh istigh de limistéar an euro. San am atá thart, chuir na costais agus na priacail seo bac ar iomaíocht thar teorainneacha. Ciallaíonn breis iomaíochta go bhfuil seans níos fearr go mbainfear úsáid as na hacmhainní atá ar fáil ar bhealach níos éifeachtúla. Le hairgeadra aonair, tá cinntí maidir le hinfheistíocht i bhfad níos éasca, mar nach féidir le luaineachtaí an ráta malairte tionchar a bheith acu ar thoradh ar infheistíocht trasteorann taobh istigh de limistéar an euro.

**Deireadh curtha leis na rioscaí agus leis na costais bheartaíochta a bhaineann le malairt eachtrach**


Sular tugadh isteach an euro, de ghnáth bhí na margaí airgeadais náisiúnta ina dtréithe. Bhí ionstraimí airgeadais, mar bhannaí rialtais agus scaireanna ainmnithe in airgeadraí náisiúnta. Ba chéim mhór i dtreo lánpháirtiú na margaí airgeadais i limistéar an euro í lainseáil an euro. Beidh tionchar leanúnach aige ar struchtúr eacnamaíoch limistéir an euro. Is féidir fianaise ar lánpháirtiú a fháil, a bheag nó a mhór, i ngach páirt den struchtúr airgeadais:

**Lánpháirtiú na margaí airgeadais**

- Tá lánpháirtiú iomlán déanta ar **mhargadh airgid idirbhanc** limistéar an euro.
- Tá lánpháirtiú maith déanta ar an **margadh bannaí** atá ainmnithe i euro, tá sé domhain agus leachtach, agus cuireann sé rogha leathan ar fáil maidir le hinfheistíochtaí agus cistiú.
- Féachtar ar **mhargadh cothromais** limistéar an euro níos mó agus níos mó mar mhargadh aonair.
- Tá méadú tagtha ar chumaisc agus ar éadálacha intíre agus trasteorann idir na bainc i limistéar an euro

Éascaíonn doimhneacht agus caighdeán mhargadh airgid a bhfuil lánpháirtiú déanta air maoiniú ar fhás eacnamaíoch agus dá réir sin cruthú post. Tá raon níos leithne de roghanna ag daoine maidir lena gcinntí i leith coigiltis agus infheistíochtaí. Is féidir le cuideachtaí baint as margadh caipitil atá an-mhór chun a gcuid gnó a mhaoiniú agus ionstraimí nua airgeadais a úsáid chun iad féin a chosaint ó phriacail airgeadais éagsúla agus bainistiú a gcuid infheistíochtaí a fheabhsú.

# CLOCHA MÍLE



## 1952



Bhunaigh an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Chruach (CEGC).

## 1958

Tagann Conarthaí na Róimhe i bhfeidhm; bunaítear Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (CEFA)

## 1967

Ceanglaíonn an Conradh Comhcheangail na trí Chomhphobal atá ann cheana féin le chéile (CEGC, CEE, CEFA).

## 1970



Cuirtear Tuarascáil Werner, an chéad "Ghormchló" i gcomhair aontais airgeadaíochta, i láthair.

## 1973

Glacann an Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe ballraíocht sna Comhphobail Eorpacha (CE).

## 1979

Bunú an Chórais Airgeadaíochta Eorpaigh (CAE).

## 1981



Glacann an Ghréig ballraíocht sna Comhphobail Eorpacha.

## 1986

Glacann an Spáinn agus an Phortaingéil ballraíocht sna CE

## 1987



Tagann an Ionstraim Eorpach Aonair i bhfeidhm, ag réiteach an bhealaigh don mhargadh aonair.

## 1989



Cuireann Coiste Delors an tuarascáil ar Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta i láthair.

## 1990
Tús le Céim a hAon den AEA.

## 1993
Tagann an Conradh ar an Aontas Eorpach (Conradh Maastricht) i bhfeidhm

## 1994



Tús le Staid a Dó den AEA. Bunaítear an Institiúid Eorpach Airgeadaíochta (IEA) i Frankfurt am Main.

## 1995
Glacann an Ostair agus an Fhionlainn ballraíocht san AE.

## 1998
Leachtaítear an IEA; Bunaítear an BANC CEANNAIS EORPACH i Frankfurt am Main

## 1999



Tús le Céim a Trí den AEA le 11 tír rannpháirteach; tabhairt isteach an euro mar airgeadra aonair.
Tagann an Conradh Leasaithe ar an Aontas Eorpach (Conradh Amstardam) i bhfeidhm

## 2001
Glacann an Ghréig ballraíocht i limistéar an euro mar an 12ú tír.

## 2002
Cuirtear nótaí bainc agus boinn euro i gcúrsaíocht.

## 2003
Tagann an Conradh Leasaithe ar an Aontas Eorpach (Conradh Nice) i bhfeidhm

## 2004


Glacann deich dtír eile ballraíocht san AE ar 1 Bealtaine.


## 2007
Méadaíonn uimhir na mBallstát san AE go dtí 27 le haontachas na Bulgáire agus na Rómáine. Glacann an tSlóivéin ballraíocht i limistéar an euro. Sínítear Conradh Liospóin i Nollaig.

## 2008
Glacann an Chipir agus Málta ballraíocht i limistéar an euro agus tá 15 Ballstát anois a bhfuil ballraíocht glactha acu.

## 2009
Glacann an tSlóvaic ballraíocht i limistéar an euro.

## 2011
Glacann an Eastóin ballraíocht i limistéar an euro.

# STRUCHTÚR AGUS CÚRAIMÍ



## 2.1 AN CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS AGUS AN tEUROCHÓRAS

Bunaíodh an **Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC)** de réir an Chonradh ar an Aontas Eorpach (Conradh Maastricht) agus Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an **Bhainc Cheannais Eorpaigh**. Cuimsíonn sé an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na bainc cheannais náisiúnta (BCN) de Bhallstáit uile an AE.

Cuimsíonn **Córas an Euro** an BCE agus BCN na mBallstát AE ar fad a bhfuil glactha acu leis an euro (17 faoi láthair).

Is iad comhlachtaí cinnteoireachta an BCE ná an **Chomhairle Rialaithe** agus an **Bord Feidhmiúcháin**. Glacann an Chomhairle Rialaithe na cinntí de chuid an BCE maidir le beartas airgeadaíochta. Cuireann an Bord Feidhmiúcháin na cinntí i bhfeidhm agus is air atá an fhreagracht bainistiú a dhéanamh ar an BCE ó lá go lá. Is í an **Chomhairle Ghinearálta** an tríú comhlacht cinnteoireachta de chuid an BCE , a fhanfaidh beo fad is atá Ballstáit den AE nach bhfuil glactha fós acu leis an euro mar airgeadra.

## 2.2 AN BANC CEANNAIS EORPACH


**Is eagraíocht osnáisiúnta í an BCE.**

Bunaíodh an BCE i Meitheamh 1998 i Frankfurt am Main, ag teacht i gcomharbacht ar a réamhtheachtaí, an Institiúid Eorpach Airgeadaíochta (IEA). Is institiúid osnáisiúnta í lena pearsantacht dhlíthiúil féin. Tá an BCE lonnaithe i dtrí fhoirgneamh i gceartlár Frankfurt ach beidh sé ag bogadh go dtí a cheanncheathrú nua, á thógáil faoi láthair ar láithreán sa taobh thoir den chathair, i 2014

Is fíor Eorpaigh iad foireann an BCE; is ó na 27 tír ar fad san Aontas Eorpach a thagann na baill.

---

féach Gluais



2.

## 2.3 CÚRAIMÍ AN EUROCHÓRAIS

Ceithre phríomh chúram atá ag an Eurochóras. An chéad chúram atá aige ná an beartas airgeadaíochta atá glactha ag Comhairle Rialaithe an BCE – m/sh cinntí maidir le heochair-rátaí úis an BCE (an **t-íosráta tairisceana** ar na **príomhoibríochtaí athmhaoinithe** chomh maith le rátaí úis ar an **tsaoráid iasachta imeallach** agus ar **an tsaoráid taisce** agus, más iomchuí, cinntí maidir le cuspóirí airgeadaíochta agus soláthar cúlchistí). Tá freagracht ar an mBord Feidhmiúcháin maidir le cur i bhfeidhm an bheartais airgeadaíochta, freagracht a fheidhmíonn sé trí threoracha a thabhairt do na BCN. Mar shampla, déanann an Bord Feidhmiúcháin cinneadh uair sa tseachtain faoi chionroinnt leachtachta don earnáil baincéireachta trí na príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

Cinneann an Chomhairle Rialaithe ar eochair-rátaí úis

An dara agus an tríú cúram atá ag an Eurochóras ná **oibríochtaí maidir le malairt eachtrach a** stiúradh agus cúlchistí oifigiúla thíortha limistéar an euro a choinneáil agus a bhainistiú.

Tá BCN an Eurochórais tar éis sócmhainní cúlchistí eachtracha de thuairim is €40 billiún (85% i sealúchais airgeadra coigríche agus 15% in ór) a aistriú chuig an BCE. Mar mhalairt, tá **éilimh úsmhara** ar an BCE faighte ag na BCN, ainmnithe i euro. Tá BCN an Eurochórais bainteach le bainistiú cúlchistí coigríche an BCE; feidhmíonn siad mar ghníomhairí don BCE de réir treoracha maidir le bainistiú punainne atá socraithe ag an BCE. Ta fuíoll shócmhainní cúlchistí eachtracha an Eurochórais faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht na BCN. Déanann an tEurochóras rialáil ar idirbhearta sna sócmhainní cúlchistí sin. Go háirithe, is gá do idirbhearta os cionn tairseacha áirithe cead roimh ré a fháil ón BCE.

Sócmhainní cúlchistí eachtracha arna sealbhú ag BCE agus ag BCN

An ceathrú príomhchúram atá ag an Eurochóras ná oibriú rianúil chóras íocaíochta a chur ar aghaidh. Thairis sin, cuireann an tEurochóras le stiúradh maoirseacht airgeadais: cuireann sé comhairle ar reachtóirí ina réimse inniúlachta agus tiomsaíonn sé staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais.

Leagann Conradh Maastricht síos freisin gur ag an BCE amháin atá an ceart eisiúint nótaí bainc euro a údarú.





## 2.4 NEAMHSPLEÁCHAS

Nuair a bhíonn siad i mbun cúraimí a bhaineann leis an Eurochóras, ní cheadaítear do BCE agus na bainc cheannais náisiúnta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí ná comhlachtaí Comhphobail, ó aon rialtas tíre de chuid an AE nó ó aon chomhlacht eile. Mar an gcéanna, níor chóir go ndéanfadh institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus rialtais na mBallstát iarracht tionchar a oibriú ar chomhaltaí cinnteoireachta de BCE nó BCN i gcomhlíonadh a gcúraimí.

**Neamhspleáchas pearsanta**

Cuireann Reacht an CEBC agus BCE daingneacht tionachta ar fáil do ghobharnóirí BCN agus do chomhaltaí den **Bhord Feidhmiúcháin** mar seo leanas:

- cúig bliana d'íostéarma oifige le haghaidh gobharnóirí BCN;
- téarma oifige neamh-inathnuaite de hocht mbliana le haghaidh comhaltaí de Bhord Feidhmiúcháin BCE;
- gan Comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin a chur as oifig ach amháin i gcás neamhábaltachta nó má bhíonn mí-iompar tromchúiseach i gceist: maidir leis seo tá **Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach** inniúil chun aon aighnis a shocrú;

**Neamhspleáchas feidhmiúcháin**

Tá an tEurochóras neamhspleách go feidhmeach freisin. Tá teacht ag BCE agus na BCN ar na hionstraimí agus na hinniúlachtaí atá riachtanach chun beartas airgeadaíochta éifeachtúil a stiúradh agus tá siad údaraithe chun cinneadh a dhéanamh go huathrialach maidir le conas agus cathain iad a úsáid.

Tá cosc ar an Eurochóras iasachtaí a dheonú do chomhlachtaí Comhphobail nó d'aonáin de chuid na hearnála poiblí náisiúnta, rud a chuireann a thuilleadh lena neamhspleáchas trína chosaint ó aon tionchar a d'fhéadfadh údaráis phoiblí a imirt. Ina theannta sin, tá sé de cheart ag **Comhairle Rialaithe** an BCE rialacháin atá ceangailteach a ghlacadh chuici féin chun cúraimí an CEBC a chur i gcrích agus i gcásanna áirithe eile, mar atá leagtha síos in achtanna sainiúla de chuid **Chomhairle an AE**.

féach Gluais


Nationale Bank van België / Banque Nationale de Belgique


Deutsche Bundesbank


Eesti Pank

# 2.


Banc Ceannais na hÉireann


Bank of Greece


Banco de España


Banque de France


Banca d’Italia


Central Bank of Cyprus


Banque centrale du Luxembourg


Bank Ċentrali ta’ Malta/Central Bank of Malta


De Nederlandsche Bank


Oesterreichische Nationalbank


Banco de Portugal


Banka Slovenije


Národná banka Slovenska


Suomen Pankki Finlands Bank

# STRUCHTÚR AGUS CÚRAIMÍ




## 2.5 BAINC CHEANNAIS NÁISIÚNTA

Tá pearsantacht dhlíthiúil ag bainc cheannais an Eurochórais (de réir an dlí i ngach tír faoi leith lena mbaineann siad) atá difriúil ón gceann atá ag an BCE. Ag an am céanna, is cuid lárnach den Eurochóras iad, atá freagrach as **cobhsaíocht phraghsanna** i limistéar an euro; oibríonn siad de réir treoirlínte agus treoracha ón BCE i gcomhlíonadh cúraimí an Eurochórais.

*Cuireann na BCN oibríochtaí a bhaineann le beartas airgeadaíochta i gcrích*

Tá na BCN rannpháirteach i stiúradh an bheartais aonair airgeadaíochta do limistéar an euro. Cuireann siad oibríochtaí a bhaineann le beartas airgeadaíochta i gcrích, cosúil le hairgead bainc ceannais a chur ar fáil d'**institiúidí creidmheasa**, agus cinntíonn siad go socraítear íocaíochtaí gan airgead tirim intíre agus trasteorann. Ina theannta sin, gabhann siad orthu oibríochtaí a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar chúlchistí coigríche ar a son féin agus mar ghníomhairí don BCE.

Fairis sin, tá na BCN freagrach cuid mhór as bailiú sonraí staidrimh náisiúnta agus as eisiúint agus láimhseáil nótaí bainc i ngach tír faoi leith lena mbaineann siad. Ina theannta sin, comhlíonann na BCN feidhmeanna atá taobh amuigh de raon an Reachta, mura gcinneann an Chomhairle Rialaithe go bhfuil neamhréiteach idir iad agus cuspóirí agus cúraimí an Eurochórais.

De réir dlíthe náisiúnta, is féidir feidhmeanna a leagan ar na BCN nach bhfuil bainteach le feidhmeanna maidir le beartas airgeadaíochta: tá roinnt BCN rannpháirteach i maoirseacht baincéireachta agus/nó feidhmíonn siad mar phríomhbhaincéir don rialtas.

*Tagann an Chomhairle Rialaithe le chéile gach dara Déardaoin*

## 2.6 COMHLACHTAÍ CINNTEOIREACHTA AN BCE

Tá ar Chomhairle Rialaithe an BCE na comhaltaí de Bhord Feidhmiúcháin BCE agus gobharnóirí na BCN de na tíortha i limistéar an euro. Sonraíonn Reacht an CEBC go gcaithfidh Comhairle Rialaithe an BCE teacht le chéile ar a laghad deich n-uaire sa bhliain. Socraíonn an Chomhairle Rialaithe féin dátaí a gcruinnithe ar bhonn moladh ón mBord Feidhmiúcháin. Mura gcuireann ar a laghad triúr gobharnóirí ina choinne, is féidir cruinnithe a reáchtáil trí mheáin teileachomhdhála. Faoi láthair tagann an Chomhairle Rialaithe le chéile faoi dhó sa mhí, ar an gcéad agus ar an tríú Déardaoin de gach mí de ghnáth.

**féach Gluais**



2.

De ghnáth, is ag an gcéad chruinniú den mhí amháin a phléitear ceisteanna a bhaineann le beartas airgeadaíochta.

Is féidir le **hUachtarán Chomhairle** an AE agus le comhalta den **Choimisiún Eorpach** freastal ar na cruinnithe, cé nach bhfuil ceart vótála ach ag comhaltaí na **Comhairle Rialaithe**. Tá vóta amháin ag gach comhalta den Chomhairle Rialaithe agus, taobh amuigh de chinntí a bhaineann le gnóthaí airgeadais an BCE, glacann an Chomhairle Rialaithe a cinntí trí thromlach simplí. I gcás comhionannas vótaí, tá an vóta réitigh ag an Uachtarán. Maidir le cúrsaí airgeadais – mar shampla, an suibscríbhinn chuig caipiteal an BCE, aistriú cúlchistí malairte eachtracha, nó dáileadh ioncaim airgeadaíochta – déantar na vótaí a ualú i gcomhréir le scaireanna na BCN i gcaipiteal suibscríofa an BCE.

Tugann an Conradh ar an Aontas Eorpach agus Reacht an CEBC agus an BCE cumhacht don Chomhairle Rialaithe na cinntí is suntasaí ó thaobh straitéise a ghlacadh ar son **an Eurochórais.**

Is iad na príomhfhreagrachtaí atá ar an gComhairle Rialaithe ná:

- beartas airgeadaíochta limistéar an euro a leagan síos, i.e. cinntí a ghlacadh maidir le leibhéal eochair-rátaí úis an BCE;
- glacadh leis na treoirlínte agus na cinntí a dhéanamh atá riachtanach chun comhlíonadh chúraimí an Eurochórais a chinntiú.

**Fócas ar limistéar an euro**

Nuair a bhíonn cinntí á nglacadh maidir le beartas airgeadaíochta agus cúraimí eile an Eurochórais, cuireann an Chomhairle Rialaithe san áireamh na forbairtí i limistéar an euro ina iomláine.

**Tagann an Bord Feidhmiúcháin le chéile gach Máirt**

Tá ar an mBord **Feidhmiúcháin Uachtarán** agus Leasuachtarán an BCE agus ceithre chomhalta eile. Déanann Rialtais limistéar an euro de thoil a chéile ag leibhéal na gCeannairí Stáit nó Rialtais ar mholadh ó **Chomhairle an AE** agus tar éis di dul i gcomhairle le **Parlaimint na hEorpa** agus Comhairle Rialaithe an BCE iad a cheapadh i measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadaíochta nó baincéireachta. Tagann an Bord Feidhmiúcháin le chéile de ghnáth gach Máirt.

# STRUCHTÚR AGUS CÚRAIMÍ





Bíonn Uachtarán an BCE nó, má bhíonn sé as láthair, an Leasuachtarán, ina chathaoirleach ar chruinnithe Chomhairle Rialaithe, Bhord Fheidhmiúcháin agus Chomhairle Ghinearálta an BCE. Tugtar cuireadh don Uachtarán freastal ar chruinnithe de **Ghrúpa an Euro**, an grúpa neamhfhoirmiúl d'airí eacnamaíochta agus airgeadais limistéar an euro, agus is féidir leis páirt a ghlacadh i gcruinnithe de Chomhairle an AE ar ábhair a bhaineann le cuspóirí agus cúraimí an Eurochórais.
Is iad na príomhfhreagrachtaí atá ar an mBord Feidhmiúcháin ná:

- na cruinnithe den Chomhairle Rialaithe a ullmhú
- Beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme i limistéar an euro i gcomhréir leis na treoirlínte agus na cinntí arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe, agus lena linn sin, teagaisc a thabhairt do na BCN;
- bainistiú a dhéanamh ó lá go lá ar ghnó an BCE;
- cumhachtaí áirithe a fheidhmiú, cumhachtaí rialaithe san áireamh, atá tarmligthe chuici ag an gComhairle Rialaithe.

**Tagann an Chomhairle Ghinearálta le chéile ceithre huaire gach bliain**

Tá ar an gComhairle Ghinearálta Uachtarán agus Leasuachtarán BCE agus gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta de na Ballstáit uile den AE. Féadfaidh na comhaltaí eile den Bhord Feidhmiúcháin, Uachtarán Chomhairle an AE agus comhalta den **Choimisiún Eorpach** freastal ar chruinnithe na Comhairle Ginearálta, ach níl ceart vótála acu. Is féidir cruinnithe den Chomhairle Ghinearálta a chomóradh pé uair a cheapann an tUachtarán gur gá sin nó ar iarratas ó ar a laghad triúr dá comhaltaí. De ghnáth tagann an Chomhairle Ghinearálta le chéile i Frankfurt uair amháin gach trí mhí.

Níl aon fhreagracht ar an gComhairle Ghinearálta maidir le cinntí a bhaineann le beartas airgeadaíochta i limistéar an euro. Tá cúraimí glactha ar láimh aige ón IAE a bhfuil ar an BCE iad a chomhlíonadh i gCéim a Trí fad is nach bhfuil glactha ag cuid de Bhallstáit an AE leis an euro. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil sí freagrach go príomha as tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cóineasú ag Baillstáit an AE nach bhfuil glactha fós acu leis an euro agus chun comhairle a chur faoi na hullmhúcháin atá riachtanach chun glacadh leis an euro mar airgeadra dóibh féin. Rannchuidíonn sí le feidhmeanna comhairleacha an CEBC agus cuidíonn le bailiú faisnéise staidrimh.

féach Gluais

2.



Tacaíonn coistí saineolaithe le comhlachtaí cinnteoireachta

## 2.7 COISTÍ CEBC

Tugann coistí CEBC tacaíocht do chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE. Tá na Coistí seo tábhachtach freisin do chomhoibriú laistigh de CEBC. Cuimsíonn siad comhaltaí ón BCE agus na bainc cheannais náisiúnta (BCN) den **Eurochóras** chomh maith le comhaltaí ó chomhlachtaí inniúla eile, mar údaráis maoirseachta náisiúnta i gcás an Choiste Maoirseachta Baincéireachta. Tá saineolaithe ceaptha ag BCN ag gach ceann de na tíortha sa limistéar nach bhfuil an euro ann, chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe Coiste CEBC pé uair a bhíonn Coiste ag plé le nithe a thagann faoi réimse inniúlachta na Comhairle Ginearálta. Tá sainorduithe na gCoistí leagtha síos ag an **gComhairle Rialaithe**, chuig a dtuairiscíonn na Coistí tríd an **mBord Feidhmiúcháin**.

Faoi láthair, is mar seo leanas atá na Coistí: an Coiste um Chuntasaíocht agus Ioncam Airgeadaíochta, an Coiste Maoirseachta Baincéireachta, an Coiste um Nótaí Bainc, an Coiste um Modheolaíocht Costais, Coiste Cumarsáide an Eurochórais/CEBC, Coiste Stiúrtha TF an Eurochórais, an Coiste um Theicneolaíocht Faisnéise, an Coiste Iniúchóirí Inmheánacha, an Coiste um Chaidreamh Idirnáisiúnta, an Coiste Dlíthiúil, an Coiste Oibríochtaí Margaidh, an Coiste um Bheartas Airgeadaíochta, Coiste na gCóras Íocaíochta agus Socraíochta agus an Coiste Staitisticí.

I 1998 bhunaigh an Chomhairle Rialaithe Coiste Buiséid freisin, comhdhéanta as comhaltaí ón BCE agus BCN an Eurochórais. Cuidíonn an Coiste Buiséid leis an gComhairle Rialaithe i gcúrsaí a bhaineann le buiséad an BCE.

Ar deireadh, i 2005 bunaíodh Comhdháil Acmhainní Daonna, agus is comhaltaí ón CEBC atá uirthi. An aidhm atá ag an gComhdháil comhoibriú agus spiorad foirne a chur chun cinn i measc bhainc cheannais an Eurochórais/ CEBC i réimse bainistíochta acmhainní daonna.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA





## 3.1 COBHSAÍOCHT PRAGHASANNA

Tá de chuspóir príomhúil ag an **Eurochóras** ná **cobhsaíocht praghsanna** a choimeád ar bun. Gan dochar do chuspóir na cobhsaíochta praghsanna, tacóidh an tEurochóras le beartais ghinearálta eacnamaíocha an Chomhphobail Eorpaigh.

**An phríomhthosaíocht ná cobhsaíocht praghsanna**

Sonraíonn Airteagal 2 den **Chonradh** ar Aontas Eorpach go bhfuil sé mar chuspóir ag an Aontas Eorpach "dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta agus ardleibhéal fostaíochta a chur ar aghaidh agus forbairt chothromúil inbhuanaithe a ghnóthú". Cuidíonn an tEurochóras leis na cuspóirí seo trí chobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Lena chois sin, agus é ar lorg cobhsaíocht praghsanna, cuireann sé na cuspóirí seo san áireamh. Má bhíonn aon choinbhleacht idir na cuspóirí, caithfidh an BCE tosaíocht a thabhairt i gcónaí do chobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

Feidhmíonn an tEurochóras de réir an phrionsabail a bhaineann le geilleagar oscailte margaidh agus saoriomaíocht, chomh maith le bheith ar son leithdháileadh éifeachtúil ar acmhainní.

## 3.2 STRAITÉIS BHEARTAS AIRGEADAÍOCHTA AN BCE

Caithfidh an BCE tionchar a bheith aige ar choinníollacha i margadh an airgid, agus dá réir ar rátaí úis gearrthéarmacha, chun cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach.

Tá glactha ag an BCE le straitéis chun a chinntiú go bhfeidhmítear cur chuige comhsheasmhach agus córasach maidir le cinntí a bhaineann le beartas airgeadaíochta. Cuidíonn an chomhsheasmhacht le cobhsaíocht ionchas **boilscithe** agus méadaíonn sé creidiúnacht an BCE.

Príomh eilimint de straitéis bheartas airgeadaíochta **Chomhairle Rialaithe** an BCE is ea an sainmhíniú cainníochtúil a dhéanann sé ar **chobhsaíocht praghsanna** : "Méadú bliain ar bhliain faoi bhun 2% ar an **Treoiruimhir Chomhchuibhithe ar Phraghsanna Tomhaltóirí (TCPT)** do limistéar an euro". Caithfear cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun thar an meántréimhse, rud a léiríonn an gá atá le beartas airgeadaíochta bheith ag breathnú chun cinn. Agus é sa tóir ar chobhsaíocht praghsanna, tá sé mar aidhm ag an BCE rátaí

féach Gluais



3.

boilscithe a choinneáil faoi nó gar do 2% thar an meántréimhse. Leagann sé seo béim ar a thiomantas chun dóthain de lamháil sábháilteachta a chur ar fáil chun cosaint a thabhairt in aghaidh rioscaí na **díbhoilscithe**.

**Beartas airgeadaíochta a bhreathnaíonn chun cinn**

Caithfidh beartas airgeadaíochta breathnú chun cinn mar go bhfuil agaí moille suntasacha sa **mheicníocht tarchurtha** (féach an chéad chuid eile). Lena chois sin, ba chóir go ndaingneodh beartas airgeadaíochta ionchas boilscithe agus go gcabhródh sé chun luaineacht i bhforbairt eacnamaíochta a sheachaint

Chomh maith leis an sainmhíniú ar chobhsaíocht praghsanna, cuimsíonn an straitéis bheartas airgeadaíochta measúnú cuimsitheach ar na rioscaí do chobhsaíocht praghsanna agus a bhfuil anailís eacnamaíochta agus anailís airgeadaíochta mar chuid de. Déantar cros-sheiceáil críochnúil ar an eolas a thagann ón dá anailís roimh gach cinneadh ar bheartas airgeadaíochta.

## IONSTRAIMÍ MAIDIR LE BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

3.3

Tosaíonn meicníocht tarchurtha bheartas airgeadaíochta le bainistiú an bhainc cheannais ar leachtacht agus an treorú a dhéanann sé ar rátaí úis gearrthéarmacha

**Is ar an margadh airgid is túisce a théann sé i gcionn**

Tá ról fíorthábhachtach ag margadh an airgid, mar chuid den mhargadh airgeadais, i seachadadh cinntí maidir le beartas airgeadaíochta, os rud é gurb é an margadh is túisce é a dtéann athruithe ar bheartas airgeadaíochta i gcionn air. Tá margadh airgid atá domhain agus go bhfuil lánpháirtiú déanta air riachtanach do bheartas airgeadaíochta éifeachtúil, os rud é go gcinntíonn sé dáileadh cothrom ar leachtacht banc ceannais agus rátaí úis gearrthéarmacha ar leibhéal aonchineálach ar fud limistéir an airgeadra aonair. Comhlíonadh an réamhchoinníoll seo díreach ó thús Céim a Trí de AEA nuair a rinneadh lánpháirtiú rathúil ar na margaí airgid náisiúnta i margadh airgid éifeachtúil do limistéar an euro.

Chun rátaí úis gearrthéarmacha a stiúradh, tá teacht ag an Eurochóras ar shraith d'ionstraimí beartas airgeadaíochta, mar a bhfuil oibríochtaí margaidh oscailte, buansaoráidí agus riachtanais cúlchistí.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA






Is féidir oibríochtaí margaidh oscailte a roinnt mar seo leanas:

- **príomhoibríochtaí athmhaoinithe** ; is idirbhearta rialta a chuireann leachtacht ar fáil iad seo le seachtain minicíochta agus aibíochta:
- oibríochtaí athmhaoinithe níos fadtéarmaí ; is idirbhearta a chuireann leachtacht ar fáil iad seo le tréimhse minicíochta míosa agus tréimhse aibíochta de thrí mhí
- oibríochtaí mionchoigeartaithe; is féidir iad seo a chur i gcrích ar bhonn ad hoc chun an staid leachtachta sa mhargadh a bhainistiú agus chun rátaí úis a stiúradh. Go sonrach, tá sé mar aidhm acu na héifeachtaí ar rátaí úis de bharr éagothroime leachtachta nach raibh coinne leo a mhaolú: agus
- is féidir leis an Eurochóras oibríochtaí struchtúracha a chur i gcrích trí idirbhearta droim ar ais, idirbhearta thar barr amach agus eisiúint deimhnithe fiachais.

**Buansaoráidí**

Tairgeann an tEurochóras dhá bhuansaoráid, a shocraíonn teorainneacha do rátaí úis thar oíche an mhargaidh trí leachtacht a sholáthar agus a shú:

- an tsaoráid iasachta imeallaigh, a cheadaíonn **d'institiúidí creidmheasa** leachtacht thar oíche a fháil ó na bainc cheannais náisiúnta in aghaidh sócmhainní inghlactha; agus
- an **tsaoráid taisce,** gur féidir le **hinstitiúidí creidmheasa** í a úsáid chun airgead a thaisceadh thar oíche leis na bainc cheannais náisiúnta san Eurochóras

**Riachtanais chúlchistí íosta**

Ar deireadh, éilíonn an tEurochóras go gcoinneodh **institiúidí creidmheasa** cúlchistí íosta i gcuntais leis na bainc cheannais náisiúnta. Caithfidh gach **institiúid creidmheasa** céatadán áirithe de chuid de thaiscí a chustaiméirí féin (chomh maith le cuid eile de dhliteanais bainc) a choinneáil i gcuntas taisce leis an mbanc ceannais náisiúnta cuí thar thréimhse coinneála cúlchiste a mhaireann thart ar mhí amháin ar meán. Íocann an tEurochóras ráta úis gearrthéarmach ar na cuntais seo. An chuspóir atá leis an gcóras cúlchistí íosta ná chun rátaí úis mhargadh an airgid a chobhsú agus chun easnamh leachtach struchtúrach sa chóras baincéireachta a chruthú (nó a mhéadú).

féach Gluais




## 3.4 CUMARSÁID

Cuid riachtanach de chúram bainc ceannais is ea an chumarsáid éifeachtúil eachtrach. Cuidíonn an chumarsáid le héifeachtacht agus le creidiúnacht bheartas airgeadaíochta. Chun cur le tuiscint an phobail ar bheartas airgeadaíochta agus ar ghníomhaíochtaí eile de chuid bhainc ceannais, ní mór don BCE bheith oscailte agus trédhearcach. Is é seo an príomh-threoirphrionsabal don Eurochóras ina chumarsáid eachtrach, ar a n-áirítear dlúth chomhoibriú idir an BCE agus na BCN.

Chun a chuid cumarsáide a dhéanamh éifeachtúil, úsáideann an BCE agus na BCN mórán uirlisí éagsúla. Ar na cinn is tábhachtaí tá:

- preasagallaimh rialta i ndiaidh an chéad chruinniú den Chomhairle Rialaithe gach mí;
- Ráiteas Nuachta Míosúil a fhoilsiú ina mbeidh mionchuntas ar fhorbairtí eacnamaíoch i limistéar an euro agus ailt ar ábhair atá bainteach le gníomhaíochtaí an BCE;
- éisteachtaí poiblí ó Uachtarán an BCE agus comhaltaí eile de **Bhord Feidhmiúcháin** an BCE i **bParlaimint na hEorpa**;
- óráidí agus agallaimh a thugann comhaltaí de chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE:
- preaseisiúintí ag míniú cinntí agus tuairimí na Comhairle Rialaithe;
- láithreáin ghréasáin an BCE agus na BCN a thugann rochtain ar gach ábhar foilsithe, bailiúchán an-mhór de shonraí staitistiúla san áireamh;
- páipéir oibre;
- páipéir ócáideacha;



## 3.5 STAIDRIMH AIRGEADAÍOCHTA AGUS AIRGEADAIS

Tiomsaíonn agus foilsíonn an BCE staidrimh airgeadaíochta agus airgeadais le dlúth chomhoibriú ó na BCN. Tacaíonn an fhaisnéis staidrimh seo le beartas airgeadaíochta limistéar an euro agus le cinnteoireacht an BCE.

**Tiomsaíonn an BCE comhiomláin do limistéar an euro**

Bailíonn na BCN (agus, i gcásanna áirithe, údaráis náisiúnta eile) sonraí ó institiúidí airgeadais agus ó fhoinsí eile ina dtíortha féin agus déanann siad comhiomláin a ríomh ag an leibhéal náisiúnta, agus seolann siad chuig an BCE iad. Ansin tiomsaíonn an BCE na comhiomláin do limistéar an euro.

Tá an bunús dlíthiúil d'fhorbairt, do bhailiú, do thiomsú agus do scaipeadh staidrimh ag an BCE leagtha síos i Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) de réir an Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an **Bhainc Cheannais Eorpaigh**. Chomh maith lena chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar a riachtanais staidrimh féin, déanann an BCE iarracht an t-ualach a leagann tuairisciú staidrimh ar institiúidí airgeadais agus ar ghníomhairí tuairiscithe eile a laghdú.

féach Gluais



# 3.

Roinntear an fhreagracht maidir le staidrimh idir an BCE agus an **Coimisiún Eorpach** (trí Eurostat, oifig staidrimh na gComhphobal Eorpach). Tá an BCE freagrach go príomha nó mar chomhpháirtí as staidrimh airgeadaíochta, staidrimh maidir le hinstitiúidí airgeadais, staidrimh seachtracha (comhardú na n-íocaíochtaí san áireamh), cuntais airgeadais, agus forbairt ar chuntais ráithiúla nach cuntais airgeadais iad d'earnálacha institiúideacha (teaghlaigh, corparáidí, agus rialtas). Chomh maith leis sin, roinntear an fhreagracht as infreastruchtúr staidrimh (coigeartú séasúrach, dearadh ar chreatlach cáilíochta agus caighdeáin tarchurtha sonraí san áireamh) idir an dá institiúid ag an leibhéal Eorpach. Chomh fada agus is féidir cloíonn staidrimh an CEBC le caighdeáin idirnáisiúnta.



Ollsocraíocht fíor-ama i euro

## 4. CÓRAS TARGET2

Tá **TARGET2 (Trans-European Automated Real-time Gross settlement Express Transfer)** curtha in ionad Chórais Target den chéad ghlúin, a thosaigh ag feidhmiú in Eanáir 1999, nuair a lainseáladh an euro.

Cosúil lena réamhtheachtaí úsáidtear TARGET2 chun oibríochtaí bainc ceannais a shocrú, aistrithe idir bhainc le luach ard i euro chomh maith le híocaíochtaí eile euro. Cuireann sé próiseáil fíor-ama ar fáil, socrú maidir le hairgead banc ceannais agus críochnaitheacht láithreach. Ach, neamhchosúil leis an gcóras roimhe seo, córas ina raibh próiseáil dhíláraithe á dhéanamh ar íocaíochtaí ar fad ag na bainc cheannais náisiúnta, úsáideann an córas nua comhphróiseas singil gan idirghabháil ag na bainc cheannais. Leis an bpróiseas seo is féidir go mbeidh soláthar seirbhíse níos fearr agus comhchuibhithe, trí bharainneachtaí an mhórscála, agus go mbeidh táillí níos lú agus éifeachtacht chostais níos fearr. Níl aon teorainn maidir le huasluach nó híosluach ar íocaíochtaí TARGET2.

féach Gluais



# 4.

Nuair a bhaineann rannpháirtithe an mhargaidh úsáid as TARGET2 chun gach íocaíocht le luach ard a dhéanamh, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le hoibríochtaí idirbhainc, sólathraítear ardseirbhís dóibh agus cuidíonn siad go mór chun riosca sistéamach a laghdú ar fud an AE, i.e. riosca "tadhlachta" do limistéir eile mar gheall ar líon mór agus luach ard na n-idirghníomhuithe idir bhainc.

Is forbairt eile í lainseáil an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro i 2008, ina láimhseálfar gach íocaíocht euro neamhairgid mar íocaíocht intíre; beidh deireadh leis an difríocht idir idirbhearta náisiúnta agus trasteorann. Claochlóidh TARGET2 agus LAIE an margadh íocaíochta i limistéar an euro chun é a dhéanamh níos dinimiciúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de.

# NÓTAÍ BAINC AGUS BOINN EURO





## 5.1 NÓTAÍ BAINC

Cuireadh nótaí bainc euro i gcúrsaíocht ar 1 Eanáir 2002. Tá seacht n-ainmníocht, méid faoi leith i ngach ceann: €5, €10, €20, €50, €100, €200 agus €500. Is mó méid an nóta bainc nuair is airde an ainmníocht.



Léiríonn na nótaí bainc na stíleanna ailtireachta ó sheacht dtréimhse i stair chultúrtha na hEorpa – clasaiceach, Rómhánach, Gotach, Renaissance, barócach agus rocócó, aois na hailtireachta iarainn agus gloine, an ailtireacht nua-aoiseach den fichiú haois – agus taispeánann said trí phríomh ghné ailtireachta: fuinneoga, geataí agus droichid. Ní léiríonn aon cheann de na dearaí fíor fhoirgnimh nó séadchomharthaí.

Siombalaíonn na fuinneoga agus na geataí ar éadan gach nóta bainc spiorad na hoscailteachta agus an chomhoibrithe san Eoraip. Tá droichead le feiceáil ar chúl gach nóta bainc. Is mar mheafar a úsáidtear na droichid seo don chumarsáid idir náisiúin na hEorpa agus idir an Eoraip agus an chuid eile den domhan.

Tá roinnt gnéithe slándála, mar chomhartha uisce, holagram, snáithe slándála agus dúch a athraíonn dath, inchorpraithe i ndearadh na nótaí bainc chun iad a chosaint ó ghóchumadh agus cur ar chumas daoine fíornótaí bainc a aithint. Cuimsíodh gnéithe faoi leith deartha iontu freisin, m.sh. cló ardaithe agus uimhreacha móra, chun cuidiú le daoine dalla agus daoine nach bhfuil radharc iomlán acu.

Cinntíonn dianrialú cáilíochta go bhfuil na nótaí bainc ar fad a tháirgtear mar an gcéanna ó thaobh caighdeáin agus dreacha de. Níl dearaí náisiúnta faoi leith ar na nótaí bainc.

Tá pleanáil ar siúl ar shraith nua nótaí bainc. Ionchorpróidh sé gnéithe slándála nua ach ar gach dóigh eile léireoidh sé go mbeidh leanúint leis an tsraith atá ann faoi láthair: beidh na hainmníochtaí céanna ag na nótaí bainc – ó €5 go dtí €500 – agus toisc go mbeidh siad bunaithe ar na dearaí atá ann faoi láthair aithneofar iad láithreach mar nótaí bainc euro.

1 AN ród chuig Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta

2 Struchtúr agus cúraimí

3 Beartas airgeadaíochta

4 Córas TARGET2

5 Nótaí bainc agus boinn Euro
5.1 Nótaí bainc
5.2 Boinn

6 Maoirseacht baincéireachta



5.

## 5.2 BOINN


Roinntear euro amháin i gcéad cent. Tá ocht gcinn de bhoinn euro: 1, 2, 5, 10, 20 agus 50 cent, €1 agus €2. Tá dearadh "Eorpach" ar thaobh amháin de gach bonn agus dearadh náisiúnta ar an taobh eile. Dar ndóigh, is féidir gach bonn euro a úsáid i ngach tír i limistéar an euro, is cuma faoina dtaobh náisiúnta.

Tá difríochtaí maidir le méid, meáchan, ábhar, dath agus tiús idir na hocht mbonn euro. Cuimsíodh roinnt gnéithe breise nuálacha iontu freisin chun cuidiú le lucht a n-úsáidte, go háirithe daoine dalla agus daoine nach bhfuil radharc iomlán acu, na hainmníochtaí éagsúla a aithint. Mar shampla, tá imeall faoi leith ar gach bonn leantach sa sraith. Cinntíonn mionchóras bainistithe cáilíochta go bhfuil na boinn euro ar fad inaistrithe ar fud limistéir an euro agus go bhfuil siad de réir na gcaighdeán atá riachtanach chun gur féidir iad a úsáid i meaisíní díola.

Rinneadh cúram faoi leith i dtáirgeadh na mbonn euro de luach níos airde (€1 agus €2) chun iad a chosaint in aghaidh góchumtha. De bharr an dearadh sofaisticiúil dhá dhathach atá orthu, agus an litreoireacht chabhartha thart ar imeall an bhoinn €2 tá sé deacair góchumadh a dhéanamh orthu.



# MAOIRSEACHT BAINCÉIREACHTA



## 6. MAOIRSEACHT BAINCÉIREACHTA

Fanann an fhreagracht dhíreach maidir le maoirseacht ar bhaincéireacht agus ar chobhsaíocht airgeadais leis na húdaráis inniúla, ach tá an cúram chun "rannchuidiú le seoladh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar **institiúidí creidmheasa** agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais" sannta ag an **gConradh** don CEBC.

Déantar an cúram seo a chomhlíonadh go príomha ar thrí bhealach.

**Monatóireacht ar chobhsaíocht airgeadais**

Ar an gcéad dul síos, déanann an CEBC monatóireacht agus measúnú ar an gcobhsaíocht airgeadais ag leibhéal limistéar an euro/AE. Comhlánaíonn an ghníomhaíocht seo agus tugann sí tacaíocht don ghníomhaíocht chomhfhreagrach ag an leibhéal náisiúnta, a stiúrann na bainc cheannais náisiúnta agus na húdaráis mhaoirseachta chun cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun ina dtíortha féin.

féach Gluais



6.

Ar an dara dul síos, tugann an CEBC comhairle maidir le dearadh agus athbhreithniú ar riachtanais rialaithe agus maoirseachta d'institiúidí airgeadais. Cuirtear cuid mhór den chomhairle seo ar fáil trí rannpháirtíocht an BCE sna comhlachtaí rialála agus maoirseachta ábhartha idirnáisiúnta agus Eorpacha mar Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, an Coiste Baincéireachta Eorpach agus Coiste na Maoirseoirí Baincéireachta Eorpacha.

Ar an tríú dul síos cuireann an BCE comhoibriú idir bhainc cheannais agus údaráis mhaoirseachta maidir le ceisteanna a bhfuil suim chomónta iontu (m/sh maoirseacht ar an gcóras íocaíochta, bainistiú géarchéim airgeadais).

Déantar na gníomhaíochtaí seo a stiúradh le cabhair ón gCoiste Maoirseachta Baincéireachta (ceann de na coistí CEBC a luadh in alt 2.7), a thugann le chéile saineolaithe ó bhainc cheannais an AE agus ó na húdaráis mhaoirseachta

# GLUAIS

**Bonnairgead:** ar a dtugtar uaireanta "airgead ardchumhachta" nó an "bonn airgeadaíochta". Cuimsíonn sé nótaí bainc agus boinn taobh amuigh de bhoghtaí bainc cheannais móide taiscí institiúid chreidmheasa leis an gcóras bainc cheannais.

**Margadh Bannaí:** eisíonn cuideachtaí agus rialtais bannaí chun caipiteal a chruinniú i gcomhair a gcuid infheistíochtaí Is urrúis úsmhara iad bannaí le ráta úis socraithe nó le ráta comhlúthach agus le haibíocht de bhliain ar a laghad (ó am a n-eisithe). Is bannaí ar ús socraithe a dhéanann suas an sciar is mó den mhargadh bannaí

**Banc ceannais:** institiúid a bhfuil - trí acht dlíthiúil - freagracht tugtha dó as stiúradh an bheartais airgeadaíochta do limistéar faoi leith.

**Critéir um chóineasú:** is gá do gach Ballstát den AE ceithre chritéar a shásamh sular féidir leis glacadh leis an euro: praghas leibhéal cobhsaí, airgeadas poiblí fónta (easnamh teoranta in aghaidh OTI agus leibhéal teoranta fiachais in aghaidh OTI), ráta malairte cobhsaí agus rátaí úis fadtéarmacha a bheith íseal agus cobhsaí.

**Critéir Chóbanhávan (critéir aontachais):** ní mór do thíortha atá ag iarraidh ballraíocht a ghlacadh san AE critéir éagsúla a chomhlíonadh: critéir pholaitiúla (forais chobhsaí a ráthaíonn an daonlathas, staid reachta, cearta an duine agus urraim do mhionlaigh, critéir eacnamaíochta (eacnamaíocht mhargaidh atá ag feidhmiú) agus ionchorprú an acquis communautaire (corpas dlí an AE). Leagadh síos iad ag Comhairle Eorpach Chóbanhávan i Meitheamh 1993 agus iad daingnithe ag Comhairle Eorpach Mhaidrid 1995.

**Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (CBCE):** Cinntíonn an institiúid seo go gcomhlíontar an dlí maidir le léiriú agus feidhmiú na gConarthaí agus na ngníomhartha dlíthiúla atá leagtha síos ag na hinstitiúidí Eorpacha.

**Institiúid creidmheasa:** is iad na bainc agus na bainc thaisce na cineálacha institiúidí creidmheasa is coitianta. De réir Airteagal 1(1) de Threoir 200/12/CE, is éard é institiúid creidmheasa ná "(i) gnóthas a bhfuil sé mar ghnó aige taiscí nó cistí inaisíochtha eile a ghlacadh ón bpobal agus creidmheas a dheonú dá chuntas féin; nó (ii) gnóthas nó aon duine dleathach eile, taobh amuigh díobh siúd faoi (i) thuas a eisíonn modhanna íocaíochta i bhfoirm airgid leictreonaigh. Ciallóidh "Airgead Leictreonach" luach airgeadaíochta, léirithe trí éileamh ar an eisitheoir, atá: (a) taiscthe ar ghléas leictreonach; (b) eisithe ar fháltas cistí de shuimeanna nach lú é a luach ná an luach airgeadaíochta eisithe: agus (c) atá inghlachtha mar mhodh íocaíochta ag gnóthais seachas an t-eisitheoir.

**Díbhoilsciú:** próiseas ina dtiteann an praghas leibhéal ginearálta go leanúnach thar thréimhse shuntasach ama.

**Coiste Delors:** I Meitheamh 1988 thug an Chomhairle Eorpach údarás do choiste faoi chathaoirleacht Jacques Delors, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ag an am, chun staidéar a dhéanamh agus céimeanna nithiúla a mholadh i dtreo aontas eacnamaíochta agus airgeadaíochta. Bhí an coiste comhdhéanta de ghobharnóirí bhanc ceannas náisiúnta an Chomhphobail Eorpaigh ag an am; Alexandre Lamfalussy, Bainisteoir Ginearálta an Bhainc le haghaidh Socruithe Idirnáisiúnta (BIS) ag an am; Niels Thygesen Ollamh le geilleagar, an Danmhairg; agus Miguel Boyer Uachtarán Banco Exterior de España ag an am. Mhol an Tuarascáil Delors a d'éirigh as, go mbainfí amach aontas eacnamaíochta agus airgeadaíochta i dtrí chéim.

**Saoráid taisce:** Buansaoráid den Eurochóras gur féidir le contrapháirtithe é a úsáid chun airgead a thaisceadh thar oíche, cúitithe ag ráta úis réamhshonraithe, ag an BCN.

**Maolú:** De réir Airteagal 122 de Chonradh an CE, is iad na Ballstáit a bhfuil maolú acu ná na cinn atá ag ullmhú chun glacadh leis an euro ach nach bhfuil glactha acu fós leis. Tagraíonn an stádas seo d'ocht mBallstát (an tSualainn agus seacht gcinn de na Ballstáit nua): ní bhaineann cearta agus oibleagáidí maidir le tabhairt isteach an euro mar airgeadra aonair leosan. Tá cás na Danmhairge agus an Ríochta Aontaithe difriúil: tá díolúine acusan ó bheith páirteach sa tríú céim d'aontas Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta.

**ECOFIN:** féach Comhairle an AE

**Aontas Eacnamaíocht agus Airgeadaíochta. (AEA):** an próiseas a threoraíonn na Ballstáit AE a mbeartais eacnamaíochta agus airgeadaíochta a chomhchuibhiú agus airgeadra aonair a chruthú. D'fhoráil Conradh Maastricht go mbainfí amach AEA i dtrí chéim: sa chéad chéim (1 Iúil 1990 go 31 Nollaig 1993), chuir Ballstáit tús le saorghluaiseacht caipitil idir a gcuid limistéir éagsúla, le comhordú níos mó ar bheartais eacnamaíochta agus comhoibriú níos mó idir na bainc cheannais; thosaigh an dara chéim (1 Eanáir 1994 go 31 Nollaig 1998) le cruthú na hInstitiúide Eorpaigh Airgeadaíochta a bhí tiomanta d'ullmhúcháin theicniúla do chruthú an airgeadra aonair, seachaint easnaimh iomarcacha, agus cóineasú níos mó ar bheartais gheilleagracha agus airgeadaíochta na mBallstát (chun cobhsaíocht praghsanna agus airgeadas poiblí fónta a chinntiú) agus thosaigh an tríú céim (ó 1 Eanáir 1999) le socrú rátaí malairte go neamh-inchúlghairthe, le haistriú na hinniúlachta maidir le beartas airgeadaíochta chuig an BCE agus le tabhairt isteach an euro mar airgeadra aonair.

**MRM II:** féach Meicníocht Rátaí Malairte II.

**Margadh cothramais:** an margadh do scaireanna i gcuideachtaí atá liostaithe ar stocmhalartán. De ghnáth, féachtar ar chothramais mar infheistíochtaí níos baolaí ná bannaí, de bhrí go bhfuil sealbhóirí cothromas i dteideal díbhinn a fháil ó na cuideachtaí eisithe, ach go bhfuil sealbhóirí bannaí i dteideal íocaíocht úis a fháil go neamhspleách ar bhrabúis na gcuideachtaí.

**Comhairle an AE.(Comhairle na nAirí):** institiúid den Chomhphobal Eorpach comhdhéanta d'ionadaithe rialtas de chuid na mBallstát, go hiondúil na hairí atá freagrach as na nithe faoi chaibidil (mar sin dá dtagraítear go minic mar Chomhairle na nAirí). Go minic, tugtar Comhairle ECOFIN ar Chomhairle an AE agus iad ag teacht le chéile i gcomhdhéanamh na n-airí eacnamaíochta agus airgeadais. Ina theannta sin, nuair a bhíonn cinntí le tábhacht faoi leith le tógáil, tagann Comhairle an AE le chéile i gcomhdhéanamh na gCeannairí Stáit nó Rialtais. Níor chóir é seo a mheascadh leis an gComhairle Eorpach, a thugann le chéile freisin na Ceannairí Stáit nó Rialtais ach a chuireann an spreagadh atá riachtanach ar fáil don Aontas chun forbairt a dhéanamh air agus a shainmhíníonn na treoracha ginearálta polaitiúla.

**Grúpa an Euro:** teacht le chéile neamhfhoirmiúla d'airí eacnamaíochta agus airgeadais thíortha an euro. Pléann na hairí ceisteanna a bhaineann leis an gcomhfhreagracht atá orthu maidir leis an airgeadra aonair. Tugtar cuireadh don Choimisiún Eorpach agus do BCE páirt a ghlacadh sna cruinnithe. Tagann Grúpa an Euro le chéile de ghnáth díreach roimh chruinniú ECOFIN.

**An Banc Ceannais Eorpach (BCE):** a bunaíodh ar 1 Meitheamh 1998 agus atá lonnaithe i Frankfurt am Main, déanann an BCE, maraon leis na bainc cheannais náisiúnta i limistéar an euro, sainmhíniú agus feidhmiú ar bheartas airgeadaíochta na dtíortha atá páirteach i limistéar an euro.

**An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Chruach (CEGC):** Ceann de na Comhphobail Eorpacha, cruthaíodh an CEGC i 1951 i bPáras agus dá bharr bunaíodh comhmhargadh do ghual agus do chruach idir na sé bhallstát bunaidh (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír).

**An Coimisiún Eorpach:** ceann de na cúig institiúid Eorpach, cruthaíodh an Coimisiún Eorpach i 1967 do na trí Chomhphobal Eorpacha. Dréachtaíonn sé moltaí maidir le dlíthe nua Eorpacha, a chuireann sé os comhair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cinntíonn an Coimisiún go bhfeidhmítear cinntí an AE mar is cóir agus déanann sé maoirseacht ar an gcaoi a gcaitear cistí

an AE. Déanann sé monatóireacht freisin ar ghéilliúlacht i leith na gConnarthaí Eorpacha agus dlí an Chomhphobail. Mar chaomhnóir ar na Conarthaí, cinntíonn sé, mar aon le Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, go bhfeidhmítear mar is ceart an reachtaíocht a bhaineann le Ballstáit uile an AE. Faoi láthair, cuimsíonn an Coimisiún uachtarán agus 26 coimisinéir. Is iad a chuid rannóga, ar a nglaoitear Ard-Stiúrthóireachtaí, atá freagrach as feidhmiú comhbheartas agus riarachán ginearálta i réimse faoi leith. Tá sé ionadaitheach do leas ginearálta an AE agus tá sé neamhspleách ar na Ballstáit. Ceaptar an Coimisiún ar feadh téarma cúig bliana, ach is féidir leis an bParlaimint é a bhriseadh.

**An Chomhairle Eorpach:** cuireann sé an spreagadh atá riachtanach ar fáil don Aontas Eorpach chun forbairt a dhéanamh air agus sainmhíníonn sé a chuid treoracha ginearálta polaitiúla. Tugann sé le chéile Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát agus Uachtarán Choimisiún na hEorpa (féach freisin Comhairle an AE).

**Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa(CEE):** a bunaíodh i 1957 faoi Chonradh na Róimhe, ba é an CEE an chéad chéim i dtreo lánpháirtiú geilleagrach, i. e. saorghluaiseacht daoine, earraí, caipitil agus seirbhísí idir Bhallstáit an AE.

**An Institiúid Eorpach Airgeadaíochta (IEA);** comhlacht Eorpach atá freagrach as an gcéim dheiridh i dtreo aontas eacnamaíochta agus airgeadaíochta a ullmhú. Cruthaíodh é ar 1 Eanáir 1994 agus tháinig an BCE ina áit ar 1 Meitheamh 1998.

**An Córas Airgeadaíochta Eorpach (CAE):** sular tugadh isteach an euro bhí roinnt d'airgeadraí Bhallstát an AE nasctha le chéile san CAE, a bhí ann idir 1979 agus 1999. Bhí trí phríomh chomhpháirt aige: an tECU, a bhí ina bhascaed d'airgeadraí na mBallstát; na meicníochtaí maidir le ráta malairte agus idirghabháil a thug ráta malairte nasctha leis an ECU (ráta malairte déthaobhach), do gach airgeadra, agus na meicníochtaí creidmheasa, a chuir ar chumas bainc cheannais idirghabháil a dhéanamh má chuaigh rátaí malairte déthaobhacha thar thairseach. Ar 1 Eanáir 1999 tháinig an Mheicníocht Rátaí Malairte II in áit an CAE.

**Parlaimint na hEorpa:** Cuimsíonn an institiúid Eorpach seo 736 ionadaí de shaoránaigh Bhallstát an AE atá tofa go díreach. Roinneann sí cumhacht reachtach le Comhairle an Aontais Eorpaigh, rud a chiallaíonn go bhfuil sé de chumhacht aici dlíthe Eorpacha (Treoracha, Rialacháin srl) a ghlacadh. Is féidir léi glacadh le hábhar na reachtaíochta Eorpaí, é a leasú nó é a dhiúltú.

**An Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC):** Cuimsíonn sé an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na bainc cheannais náisiúnta (BCN) de Bhallstáit uile an AE.

**An tEurochóras:** Cuimsíonn sé an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na bainc cheannais náisiúnta (BCN) de Bhallstáit limistéar an euro. Sainmhíníonn agus feidhmíonn sé an beartas airgeadaíochta do limistéar an euro.

**Meicníocht Rátaí Malairte II. (MRM II):** an creat do chomhoibriú maidir le beartas ráta malairte idir tíortha limistéar an euro agus iad seo taobh amuigh de limistéar an euro. Tá ballraíocht sa mheicníocht ar bhonn deonach. Mar sin féin, táthar ag súil go nglacfaidh Ballstáit a bhfuil maolú acu ballraíocht sa mheicníocht, dá réir sin ag bunú paireacht lárnach a n-airgeadra in aghaidh an euro agus banda luaineachta thart ar an bpaireacht lárnach. Is é an banda luaineachta caighdeánach ná ±15%. I gcás tíortha le leibhéal an-ard de chóineasú le limistéar an euro, is féidir aontú ar bhanda níos caoile ar iarratas ón mBallstát lena mbaineann sé agus nach bhfuil ina bhall de limistéar an euro.

**Bord Feidhmiúcháin:** ceann de chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE. Tá air Uachtarán agus Leasuachtarán an BCE agus ceithre comhalta eile ceaptha de thoil a chéile ag Ceannairí Stáit nó Rialtais na dtíortha a bhfuil glactha acu leis an euro.

**Oibríochtaí um malairt eachtrach:** díol agus ceannach malairte eachtraí. I gcomhthéacs an Eurochórais, ciallaíonn sé seo díol agus ceannach airgeadraí eile in aghaidh an euro.

**Comhairle Ghinearálta:** ceann de chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE. Tá uirthi Uachtarán agus Leasuachtarán an BCE agus gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta de na Ballstáit uile den AE.

**Comhairle Rialaithe:** an príomhchomhlacht cinnteoireachta den BCE. Tá uirthi an seisear comhalta de Bhord Feidhmiúcháin an BCE agus gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta de na Ballstáit a bhfuil glactha acu leis an euro.

**Olltairgeacht intíre (OTI):** tomhas ar ghníomhaíocht eacnamaíochta. Léiríonn OTI luach na n-earraí agus na seirbhísí ar fad a tháirgeann eacnamaíocht thar thréimhse sonraithe.

**Treoiruimhir Chomhchuibhithe ar Phraghsanna Tomhaltóirí (TCPT):** an tomhas ar phraghsanna a úsáideann an Chomhairle Rialaithe chun measúnú a dhéanamh ar chobhsaíocht praghsanna i limistéar an euro. Tá sé ríofa agus foilsithe ag Eurostat, oifig staidrimh na gComhphobal Eorpach.

**Boillsciú:** ardú seasmhach sa phraghasleibhéal ginearálta, a bhfuil ísliú seasmhach i gcumhacht ceannaigh airgid mar thoradh air Léirítear é de ghnáth mar chéatadán den athrú bliantúil in innéacs praghsanna tomhaltais mar an ICPT.

**Margadh airgid idirbhanc:** an margadh d'iasachtaí gearrthéarmacha idir bhainc. Déanann an téarma cur síos de ghnáth ar thrádáil cistí le haibíocht idir lá amháin (thar oíche nó níos lú fiú ná lá amháin) agus bliain amháin.

**Éileamh úsmhar:** sócmhainn airgeadais a thugann teideal dá úinéir íocaíochtaí úis a fháil ón bhféichiúnaí a d'eisigh é.

**Príomhoibríochtaí athmhaoinithe:** oibríochtaí rialta maidir leis an margadh oscailte forghníomhaithe ag an Eurochóras chun an méid cuí leachtachta a sholáthar don chóras baincéireachta. Bíonn siad i bhfoirm ceantanna seachtainiúla inar féidir leis na bainc tairiscint a dhéanamh ar leachtacht.

**Saoráid iasachta imeallaigh:** Buansaoráid den Eurochóras gur féidir contrapháirtithe é a úsáid chun creidmheas thar oíche a fháil ó BCN ag ráta úis réamhshonraithe in aghaidh sócmhainní incháilithe.

**Íosráta tairisceana:** an tíosráta tairisceana sna príomhoibríochtaí athmhaoinithe. Socraíonn an Chomhairle Rialaithe é, ag an gcéad chruinniú de gach mí de ghnáth.

**Riachtanas cúlchistí íosta:** an oibleagáid atá ar Institiúidí creidmheasa taisce a choinneáil leis an mbanc ceannais. Ríomhtar riachtanas cúlchistí íosta d'institiúid aonair mar chéatadán den airgead atá taiscthe ag custaiméirí (nach den bhanc iad) an institiúid seo.

**Cobhsaíocht praghsanna:** An príomhchuspóir atá ag an Eurochóras. Shainmhínigh an Chomhairle Rialaithe cobhsaíocht praghsanna mar mhéadú bliain ar bhliain faoi bhun 2% i bpraghsanna do thomhaltóirí (tomhaiste ag ICPT) do limistéar an euro. Agus é sa tóir ar chobhsaíocht praghsanna, tá sé mar aidhm ag an gComhairle Rialaithe rátaí boilscithe a choinneáil faoi nó gar do 2% thar an meántréimhse.

**Paireachtaí na cumhachta ceannaigh (PCC):** Is éard iad paireachtaí na cumhachta ceannaigh ná na rátaí comhshó airgeadra a chothromaíonn an chumhacht ceannaigh atá ag airgeadraí éagsúla trí na difríochtaí i bpraghasleibhéil idir thíortha a dhíchur. Sa bhfoirm is simplí, taispeánann PCC comhréir na bpraghsanna in airgeadraí náisiúnta maidir leis an earra nó an tseirbhís chéanna i dtíortha éagsúla.

# GLUAIS

**LAIE:** Is limistéar san Eoraip é an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (LAIE) ina bhfuil an duine aonair, cuideachtaí agus eagraíochtaí in ann íocaíochtaí euro neamhairgid a dhéanamh agus a ghlacadh, lastigh de agus thar teorainneacha náisiúnta, faoi na coinníollacha, cearta agus oibleagáidí bunúsacha céanna, beag beann ar a suíomh. Feidhmíonn an LAIE mar mhargadh aonair iocaíoctaí intíre a chumasaíonn do chustaiméirí íocaíochtaí a dhéanamh chomh héasca agus chomh neamhchostasach agus is féidir leo iad a dhéanamh sa bhaile. Reáchtálann Comhairle Íocaíochtaí na hEorpa, a bunaíodh i 2002, tionscnamh an LAIE. Is í seo an comhlacht cinnteoireachta agus comhordaithe den tionscal baincéireachta Eorpach maidir le híocaíochtaí.

**Buansaoráid:** saoráid bainc ceannais ar fáil d'institiúidí creidmheasa trína dtionscnamh féin. Tairgeann an tEurochóras dhá bhuansáoráid, an tsaoráid iasachta imeallaigh agus an tsaoráid taisce.

**TARGET2** (Trans-European Automated Real-time Gross settlement Express Transfer System): Usáidtear TARGET2 chun oibríochtaí bainc ceannais, aistrithe idir bhainc le luach ard i euro chomh maith le híocaíochtaí eile euro a shocrú. Cuireann sé socrú le hairgead banc ceannais ar fáil agus críochnaitheacht láithreach. Tá an córas seo ar fáil le haghaidh gach idirbheart euro lastigh de agus idir na tíortha a chuimsíonn limistéar an euro chomh maith le tíortha éagsúla eile an AE. Tá TARGET2 á chur faoi láthair in ionad Chórais Target den chéad ghlúin, a bhí ag feidhmiú ó Eanáir 1999, nuair a lainseáladh an euro.

**Meicníocht tarchurtha:** An próiseas ina mbíonn tionchar ag athruithe i rátaí úis trí chainéil éagsúla ar iompar ghníomhaithe eacnamaíochta, gníomhaíocht eacnamaíochta, agus ar deireadh an praghasleibhéal ginearálta.

**Conradh:** a thagraíonn don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Síníodh an Conradh bunaidh sa Róimh ar 25 Márta 1957 agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Eanáir 1958. Bhunaigh sé Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa(CEE), atá anois mar an Comhphobal Eorpach (CE), agus tugtar Conradh na Róimhe go minic air.

**Síníodh an Conradh ar an Aontas Eorpach** (a ndéantar tagairt go minic dó mar "Chonradh Maastricht") ar 7 Feabhra 1992 agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Samhain 1993. Leasaigh an Conradh ar an Aontas Eorpach an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus bhunaigh sé an t-Aontas Eorpach.

**Leasaigh Conradh Amstardam** a síníodh in Amstardam ar 2 Deireadh Fómhair 1997 agus a tháinig i bhfeidhm ar 1 Bealtaine 1999, agus Conradh Nice", a síníodh ar 26 Feabhra 2001 agus a tháinig i bhfeidhm ar 1 Feabhra 2003, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Conradh ar Aontas Eorpach araon.

**Síníodh Conradh Liospóin** ar 13 Nollaig 2007 agus tháing sé i bhfeidhm ar 1 Nollaig 2009. Leasaíonn sé an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Conradh ar an Aontas Eorpach araon. Simplíonn Conradh Liospóin struchtúr an AE, atá bunaithe ar thrí "cholún" faoi láthair: an Comhphobal, an comhbheartas eachtrach agus slándála, ceartas agus gnóthaí baile. Sa Chonradh nua tá deireadh curtha leis na colúin seo agus cuirtear an t-Aontas, a bheidh pearsantacht dhlíthiúil aige, in ionad an Chomhphobail. Athainmnítear an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais.

© An BANC CEANNAIS EORPACH 2011

SEOLADH
Kaiserstraße 29
60311 Frankfurt am Main

SEOLADH POIST
Postfach 16 03 19
60066 Frankfurt am Main

TELEFÓN
+ 49 69 1344 0

SUÍOMH GRÉASÁIN
http://www.ecb.europa.eu

FAX
+ 49 69 1344 6000

COINCHEAP AGUS DEARADH
Konzept Verlagsgesellschaft, Frankfurt am Main

GRIANGHRAIF
Claudio Hils
Martin Joppen
Martin Starl
Marcus Thelen
Andreas Varnhorn
Walter Vorjohann
An tAontas Eorpach

CLÓBHUAILTE AG
Imprimerie Centrale s.a., Luxembourg

ISBN 978-92-899-0764-4 (ar-líne)

GA